Cuntas Leithreasa 2025

Vóta 24

Dlí agus Ceart, Gnóthaí Baile agus Imirce

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 24, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025 ar thuarastail agus speansais Oifig an Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce fhoireann na Seirbhíse Promhaidh agus seirbhísí áirithe eile, lena n-áirítear íocaíochtaí faoi scéimeanna airgeadteoranta a riarann an Oifig sin, agus ar dheontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2025, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €16.896 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Aistriú feidhmeanna sa bhliain 2025

Le héifeacht ón 5 Meitheamh 2025, faoi I.R. Uimh. 242/2025, athraíodh ainm na roinne ó 'an Roinn Dlí agus Cirt' i nGaeilge agus 'the Department of Justice' i mBéarla chuig 'an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce' i nGaeilge agus 'the Department of Justice, Home Affairs and Migration' i mBéarla.

Rinneadh na leasuithe seo a leanas ar an Vóta, lenar áiríodh aistriú feidhmeanna, le linn na bliana 2025:

- Tháinig an t-aistriú feidhmeanna a bhaineann leis an mbeartas lánpháirtíochta, le cosaint idirnáisiúnta agus le cóiríocht don phobal Úcránach ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, mar a tugadh uirthi ag an am, i bhfeidhm ar an 1 Bealtaine 2025 faoi I.R. Uimh. 159/2025, rud a d'fhág gur aistríodh leithdháileadh glanbhuiséid €2.044 billiún ó Vóta 40 chuig Vóta 24 Dlí agus Ceart, Gnóthaí Baile agus Imirce, mar aon le 344.5 ball foirne (coibhéis lánaimseartha).
- Tháinig an t-aistriú feidhmeanna a bhaineann le cibearshlándáil a aistríodh ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, mar a tugadh uirthi ag an am, i bhfeidhm ar an 1 Meitheamh 2025, faoi I.R. Uimh. 234/2025, rud a d'fhág gur aistríodh leithdháileadh glanbhuiséid €22.6 milliún ó Vóta 29 chuig Vóta 24 Dlí agus Ceart, Gnóthaí Baile agus Imirce, mar aon le 123.3 ball foirne (coibhéis lánaimseartha).
- Tháinig an t-aistriú feidhmeanna a bhaineann le seirbhísí maoine, lena n-áirítear an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine (PSRA) agus an Bord Achomhairc um Sheirbhísí Maoine, chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, i bhfeidhm ar an 1 Lúnasa 2025, faoi I.R. Uimh. 392/2025, rud a d'fhág gur aistríodh leithdháileadh glanbhuiséid €1.8 milliún, arb éard atá ann €4.2 milliún i gcaiteachas agus €2.4 milliún in ioncam (leithreasaí-i-gcabhair), ó Vóta 24 chuig Vóta 34 Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht, mar aon le 45 bhall foirne.
- Tháinig an t-aistriú feidhmeanna a bhaineann le cinsireacht scannán agus foilseachán, lena n-áirítear Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann (IFCO), chuig an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, i bhfeidhm ar an 1 Lúnasa 2025, faoi I.R. Uimh. 393/2025, rud a d'fhág gur aistríodh €8,000 i nglanfháltais, arb éard atá ann €832,000 i gcaiteachas agus €840,000 i bhfáltais (leithreasaí-i-gcabhair), ó Vóta 24 chuig Vóta 33 Cultúr, Cumarsáid agus Spórt, mar aon le cúigear ball foirne.

- Tháinig aistriú an Choimisiúin um Cheapacháin Bhreithiúnacha agus Chomhairle na mBreithiúna ó Vóta 24 Dlí agus Ceart, Gnóthaí Baile agus Imirce chuig Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna, i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2025, agus leithdháiltí caiteachais ab ionann agus €712,000 agus €1.795 milliún san iomlán faoi seach ann.
- Tar éis thosach feidhme an Achta um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, rinneadh na hathruithe seo a leanas ar Vóta 24. Aistríodh Cigireacht an Gharda Síochána (GSI) chuig Vóta 41, agus athainmníodh í mar 'an tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail', agus aistríodh Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC) chuig Vóta 46 Fiosrú – Oifig an Ombudsman Póilíneachta, ar vóta nuabhunaithe é. Tháinig an dá athrú i bhfeidhm ar an 2 Aibreán 2025.

Mar thoradh ar na haistrithe atá leagtha amach thuas, rinneadh roinnt athruithe ar struchtúr na gclár laistigh den Vóta. Bunaíodh clár caiteachais nua, mar atá Clár C Inimirce, ina bhfuil na fo-mhírchinn seo a leanas: C.3 Lánpháirtiú dídeanaithe agus imirceach, C.4 An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, C.5 Cóiríocht d'iarrthóirí ar chosaint idirnáisiúnta, agus C.6 Cóiríocht don phobal Úcránach, agus costais ghaolmhara.

Ina theannta sin, tugadh isteach fo-mhírcheann nua, mar atá A.31 An Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála, faoi Chlár A An Colún Ceartais Choiriúil. Cuireadh líon beag fo-mhírcheann nach raibh gá leo a thuilleadh as feidhm sa bhliain 2025. Baineadh fo-mhírchinn A.4 agus A.5 de Chlár A, agus cuireadh deireadh leis na fo-mhírchinn seo a leanas ó Chlár B An Colún Ceartais Shibhialta: B.5, B.8, B.9, B.15 agus B.16.

Ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin i gciorclán 25 de 2025, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú. Áirítear leis sin úsáid a bhaint as roinnt Caighdeán Cuntasaíochta Rialtais Láir (CGASanna) a tugadh in éifeacht do thréimhsí cuntais dar tús an 1 Eanáir 2025 i leith.

Dímheas ar shócmhainní caipitil

Déantar dímheas ar réadmhaoin, ar fhearas agus ar threalamh agus amúchadh sócmhainní doláimhsithe a ríomh agus a mhuirearú i gcomhréir le CGAS 17 agus le CGAS 31 faoi seach.

Is mar a leanas atá na saolréanna úsáideacha agus na rátaí gaolmhara dímheasa/amúchta a bhaineann le haicmí móra sócmhainní.

Aicme sócmhainní	*Saolré úsáideach*	*Ráta dímheasa/amúchta*
Feabhsú léasachta	50 bliain	2%
Réadmhaoin	50 bliain	2%
Trealamh	5 bliana	20%
Troscán agus feistis	10 mbliana	10%
Ceadúnais bogearraí	5 bliana	20%
Bogearraí forbartha	10 mbliana	10%
Tithe mearthógála	35 bliana	3%
Tithe modúlacha	25 bliana	4%

Ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht sin a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní fhéadfaidh aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí in am trátha iad.

Is próiseas leanúnach é córas na rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí i ndáil le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhísí idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí i bhfeidhm agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Tá creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú tráthrialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta.

- Tá córas buiséadaithe cuí ann lena ngabhann buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta.
- Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán.
- Feidhmíonn córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.

- Tá treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil chomh maith le disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.
- Tá creat rialachais i bhfeidhm chun formhaoirseacht a dhéanamh ar chomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne.

Iniúchóireacht Inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, ar feidhm í a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agam. Treoraíonn anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh a cuid oibre agus bíonn a pleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla, a bhíonn á gceadú agamsa i gcomhpháirt leis an gCoiste Iniúchóireachta, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm leis na pleananna na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach ama.

Déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Is deimhin liom go bhfuil na nósanna imeachta sin i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Soláthar

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go bhfuil béim chuí ann ar an dea-chleachtas soláthair agus na conarthaí uile á ndámhachtain agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar na treoirlínte ábhartha uile. B'ionann an caiteachas ar earraí agus ar sheirbhísí gairmiúla agus conraithe eile agus €2,181,602,000 san iomlán sa bhliain 2025.

Léirítear leis an leibhéal caiteachais sin ar earraí agus ar sheirbhísí gairmiúla agus conraithe eile i Vóta 24 don bhliain 2025 an t-aistriú feidhmeanna sa bhliain 2025, mar atá, feidhmeanna cosanta idirnáisiúnta, feidhmeanna cóiríochta don phobal Úcránach, agus an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála.

Conarthaí neamhiomaíocha

Thug an Roinn mionsonraí faoi 628 gconradh neamhiomaíocha de bhreis ar €25,000 sa tuairisceán bliantúil i dtaca le ciorclán 40/2002 don Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go gcomhlíonann na conarthaí neamhiomaíocha sin an dlí um sholáthar poiblí faoi dhíolúintí sonraithe áirithe, a bhfuil sonraí fúthu ar áireamh sa tuairisceán ón Roinn i dtaca le ciorclán 40/2002.

Cóiríocht don phobal Úcránach – Tá an Roinn ag éileamh maolú faoi Threoir 2014/24 ón Aontas Eorpach maidir le soláthar i leith sholáthar na cóiríochta sin agus i leith soláthar seirbhísí gaolmhara. Tugtar mionsonraí faoi na conarthaí sin agus faoi na maoluithe a éilítear sa tuairisceán ón Roinn i dtaca le ciorclán 40/2002, faoin gceannteideal 'comhlíontach ach neamhiomaíoch'.

Cóiríocht Cosanta Idirnáisiúnta – Tá an Roinn ag éileamh maolú faoi Threoir 2014/24 ón Aontas Eorpach maidir le soláthar i leith conarthaí ainmnithe ar leith sa réimse caiteachais sin. Tugtar mionsonraí faoi na conarthaí sin agus faoi na maoluithe a éilítear sa tuairisceán ón Roinn i dtaca le ciorclán 40/2002, faoin gceannteideal 'comhlíontach ach neamhiomaíoch'.

Conarthaí neamhchomhlíontacha

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte ach amháin i gcás 47 gconradh de bhreis ar €25,000 (gan CBL a áireamh) dar luach iomlán €72,550,522 (gan CBL a áireamh), agus é miondealaithe mar atá leagtha amach tuilleadh thíos.

- Baineann 29 gconradh dar luach €65,634,080 le feidhmeanna a aistríodh isteach, lena n-áirítear cóiríocht agus an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála araon, agus
- Baineann 18 gconradh dar luach €6,916,442 le Vóta 24 roimh an aistriú feidhmeanna.

De na 47 gconradh

- tá conarthaí dáfa ina leith anois ag cúig chonradh dar luach comhcheangailte €11,683,951 le haghaidh soláthar seirbhísí a bhí neamhchomhlíontach roimhe sin agus, dá bhrí sin, tá siad comhlíontach anois.
- tá 13 chonradh dar luach comhcheangailte €15,249,537 le haghaidh soláthar seirbhísí a dámhadh go díreach nó a fadaíodh ina n-ábhar do phróisis tairisceana atá ar siúl faoi láthair.
- tá trí chonradh dar luach comhcheangailte €9,387,261 imithe in éag anois agus ní dhéanfar iad a athnuachan toisc go mbaineann siad le hionaid chóiríochta atá dúnta anois.
- imeoidh conradh amháin dar luach €801,376 in éag sa bhliain 2026 agus ní athnuafar é.
- tá sé beartaithe go n-iarrfar tairiscintí le haghaidh 11 chonradh dar luach comhcheangailte €14,480,132 sa bhliain 2026.
- tá seacht gconradh dar luach comhcheangailte €4,077,782 á n-aistriú chuig conarthaí comhlíontacha nó rachaidh siad chun an mhargaidh a luaithe is féidir.
- déanfaidh an Roinn athbhreithniú sa bhliain 2026 ar sheacht gconradh dar luach comhiomlán €16,870,482 le haghaidh soláthar seirbhísí a dámhadh go díreach mar gheall ar imthosca práinneacha agus gan choinne.

Cuireadh na conarthaí thuas ar áireamh sa tuairisceán bliantúil faoi chiorclán 40/2002 dá dtagraítear thuas. Neartaigh an Roinn a haonad soláthair lárnach, lena n-áirítear a cuid struchtúr, pleanála, oiliúna agus acmhainní soláthair chun tacaíocht agus treoir soláthair a thabhairt ar fud na heagraíochta. Is í an aidhm atá leis sin comhlíonadh a fheabhsú agus tacú le haonaid ghnó na cuspóirí gnó atá acu a bhaint amach.

Lean an Roinn le hobair i dtreo cásanna neamhchomhlíonta a réiteach ar feadh na bliana 2025, agus leanfaidh sí le haghaidh a thabhairt go réamhghníomhach ar chásanna neamhchomhlíonta ar feadh na mblianta 2026 agus 2027.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar phríomhrioscaí agus ar na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, a oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí a bhíonn roimh an Roinn agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a shuntasaí atá siad. Déanann an Coiste Riosca, an Bord Bainistíochta, agus an tArd-Rúnaí an clár rioscaí a athbhreithniú ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainisteofar rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus an fhreagracht a leagtar ar bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl go tráthúil dóibh sin atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don leibhéal bainistíochta cuí, nuair is ábhartha. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Tá nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Bíonn faireachán agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Cibearshlándáil

Leanadh leis an gClár Cibearshlándála ar feadh na bliana 2025, ar lena linn a rinneadh dul chun cinn ar ghníomhaíochtaí ar roinnt tionscadal agus tionscnamh chun na sonraí agus na córais atá ar ár líonraí a chosaint agus chun faireachán réamhghníomhach a dhéanamh orthu. Leagadh béim níos mó ar thacaíochtaí lena gcuirfí ar chumas na Roinne na ceanglais atá leagtha amach sa Treoir athbhreithnithe maidir le Slándáil Gréasán agus Faisnéise a chomhlíonadh, amhail tuairisciú tráthrialta go díreach don bhord bainistíochta, feasacht úsáideoirí a mhúscailt, agus oideachas a chur ar fáil.

Straitéis TFC

Sa bhliain 2025, cuireadh obair i gcrích ar an Straitéis TF 2022-2024 agus cuireadh tús le hobair ar an Straitéis Dhigiteach nua a dhréachtadh chun na 4 bliana amach romhainn a chumhdach.

Faoi scáth na Straitéise TFC, rinneadh dul chun cinn suntasach sna réimsí seo a leanas go léir:

- forbairt cumas TFC
- caighdeánú próiseas
- rialachas feabhsaithe
- cibearshlándáil agus cibear-athléimneacht
- aistriú chuig an néal

Go sonrach sa bhliain 2025, cuireadh na córais seo a leanas i mbun feidhme faoi raon tionscadal digitiúcháin agus faoi raon clár digitiúcháin

- Nuachóiriú cosanta idirnáisiúnta – mar thoradh ar an gclár oibre sin, rinneadh an próiseas iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a dhigitiú go hiomlán ó bhun go barr.
- DASH – cuireadh i mbun feidhme i mí na Bealtaine tionscadal digiteach chun tacú le hEolaíocht Fhóiréinseach Éireann maidir le hanailís ar fhianaise ón láthair choire, mar atá DNA, a bhainistiú agus a rianú, agus fuair an tionscadal deimhniú ó Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú.

- Nuachóiriú seirbhísí inimirce – cuireadh ionad teagmhála digiteach agus céim 1 de chóras bainistíochta cásanna i bhfeidhm chun tacú le soláthar seirbhíse éifeachtúil éifeachtach i roinnt seirbhísí inimirce.
- Rinneadh dul chun cinn suntasach freisin maidir le teicneolaíochtaí oidhreachta, amhail Lotus Notes, a dhíchoimisiúnú sa Roinn agus sna gníomhaireachtaí atá ar ár seirbhís chomhroinnte
- Baineadh garsprioc mhór amach maidir le sonraí ó fhoinsí éagsúla a thabhairt le chéile, rud a thacóidh leis an aistriú ó chórais oidhreachta chuig córais nua-aimseartha nua agus a éascóidh agus a fheabhsóidh cumais sonraí agus anailísíochta

Cóiríocht don phobal Úcránach, agus cosaint idirnáisiúnta – aisghabháil costas agus comhlíonadh

An pobal Úcránach

Leanadh le cóiríocht éigeandála agus tacaíocht éigeandála do Thairbhithe Úcránacha Cosanta Sealadaí sa bhliain 2025, agus an t-éileamh ag leanúint ar aghaidh ag laghdú. I dtús na bliana 2025, bhí cóiríocht á cur ar fáil do bhreis agus 29,000 duine i gcóiríocht arna soláthar ag an Stát. Bhí laghdú 31%, go thart ar 20,000 duine, tagtha ar an bhfigiúr sin ag deireadh na bliana 2025. Léirítear leis sin an treocht leantach ina mbíonn daoine ón Úcráin ag aistriú i dtreo maireachtáil neamhspleách.

Sa bhliain 2025, leanadh le hobair na foirne um chomhlíonadh cóiríochta don phobal Úcránach, ag gníomhú di le tacaíocht ó ghnólacht a sholáthraíonn seirbhísí cuntasaíochta fóiréinsí. I gcás gur sainaithníodh gnéithe de neamhchomhlíonadh airgeadais, chuaigh an fhoireann um chomhlíonadh i dteagmháil leis an soláthraí cóiríochta chun an cás a thabhairt chun rialtachta, agus chun aisghabháil aon ró-éileamh a sainaithníodh a chur chun cinn trí phlean forchúitimh a bhunú. I gcás nach rabhthas in ann ró-íocaíocht a fhorchúiteamh i mí amháin, comhaontaíodh an plean forchúitimh a aisíoc thar roinnt míonna.

Cosaint idirnáisiúnta

Sa bhliain 2025, leanadh le hobair na foirne um aisghabháil costas cóiríochta cosanta idirnáisiúnta. Sainaithníodh ró-éilimh ag soláthraithe cóiríochta cosanta idirnáisiúnta a bhain le tréimhsí ón mbliain 2023 ar aghaidh, rud as ar tháinig forchúitimh chuig an Roinn. Bhí dhá cheann déag de chásanna forchúitimh ann sa bhliain 2025. Cuireadh sé cinn i gcrích, tá cúig phlean i bhfeidhm, agus tá ceann amháin le tabhairt i gcrích.

Tá iarmhéid €17.392 milliún fós dlite ag an 31 Nollaig 2025 ar fud na sruthanna um chomhlíonadh cóiríochta agus um aisghabháil costas (féach nóta 2.6). Tá obair ar siúl chun athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthraithe ó thaobh saincheisteanna comhlíonta de.

An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht

Sa bhliain 2025, ba é an tAonad um Riarachán Cistí sa Roinn an tÚdarás Bainistíochta chun clár náisiúnta na hÉireann a chur i gcrích faoi Chiste an Aontais Eorpaigh um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF).

Scaoiltear maoiniú AMIF ó Choimisiún an Aontais Eorpaigh sna cuntais trí leithreasaí-i-gcabhair a luaithe a mheastar go bhfuil sé cinnte. An 31 Nollaig 2025, b'ionann iarmhéid na gcistí a fuarthas ach nár scaoileadh agus €51.75 milliún. Bhain €13.5 milliún den tsuim sin le deontas cóiríochta éigeandála a tugadh ar ais do Choimisiún an Aontais Eorpaigh i mí Aibreáin 2026.

I mí an Mheithimh 2020, dhámh an tAontas Eorpach deontas €13.5 milliún d'Éirinn chun cóiríocht éigeandála a sholáthar do dhaoine a bhí ag teacht isteach sa stát agus a bhí ag lorg cosaint idirnáisiúnta ach nach bhféadfaí cóiríocht a chur ar fáil dóibh laistigh den phunann cóiríochta a bhí ann cheana. Ní raibh an deontas sin mar chuid de chlár náisiúnta AMIF de chuid na hÉireann. Fuarthas suim iomlán an deontais sna míonna deiridh den bhliain 2020 agus coinníodh í i gcuntas fionraí. Mar sin féin, sainaithníodh i dtuarascáil ina dhiaidh sin ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa sa bhliain 2022 fadhbanna maidir le soláthar cóiríochta éigeandála agus moladh inti go n-aisghabhfaí go hiomlán suim an deontais a íocadh. I mí Eanáir 2026, chuir Coimisiún an Aontais Eorpaigh tuarascáil iniúchóireachta ex-post i gcrích ar an deontas sin, rud a d'fhág gur seasadh leis an moladh ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, is é sin, aisghabháil iomlán shuim an deontais, a bhí cothrom le €13.5 milliún. Tugadh an t-airgead sin ar ais do Choimisiún an Aontais Eorpaigh i mí Aibreáin 2026.

Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais

Rinneadh líon beag saincheisteanna rialaithe a bhaineann le soláthraithe dar luach €387,170 a fhéin-sainaithint le linn na bliana, agus tháinig siad chun cinn go príomha i gcomhthéacs athruithe eagraíochtúla, lenar áiríodh aistriú feidhmeanna. Sainaithníodh trí íocaíocht dhúblacha ab ionann agus €348,950 san iomlán agus aisghabhadh ina n-iomláine iad. Bhain íocaíocht amháin ab ionann agus €36,257 le ró-íocaíocht i leith costas idir-rannach, rud a aisghabhadh ina dhiaidh sin. Bhain an tsuim €1,963 a bhí fágtha le líon beag íocaíochtaí míchearta.

Calaoisí agus mírialtachtaí

Tuairiscíodh aon chás amháin ina raibh calaois ábhartha nó mírialtacht ábhartha ar mó a luach ná €10,000 sa Vóta Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce (Vóta 24) sa bhliain 2025.

Bhí an Roinn ina hábhar do rud ar a dtugtar 'ionsaí pumpála SMS' sa bhliain 2025. Is é atá san ionsaí ná cineál calaoise inar úsáid na hionsaitheoirí botaí chun na mílte iarrataí a chur faoi bhráid chórais inimirce na Roinne, agus eisíodh freagraí uathoibríocha ón gcóras chuig uimhir fóin ráta préimhe nó uimhir fóin ardchostais i dtír thionscnaimh an tseoltóra. Ba é thart ar €43,000 an costas measta. Shainaithin córais na Roinne an fhadhb, rud a chuir teorainn leis na costais airgeadais. Tá rialuithe breise curtha chun feidhme ag an Roinn chun ionsaithe den sórt sin a chomhrac.

Níor sainaithníodh aon laigí eile ar rialú inmheánach i ndáil leis an mbliain 2025 ar gá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Doncha O'Sullivan
Oifigeach Cuntasaíochta
Dlí agus Ceart, Gnóthaí Baile agus Imirce

25 Meán Fómhair 2026

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

Vóta 24 Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce
Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 24 Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 24 Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

An bonn leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar An Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair

Tá sé curtha in iúl ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoin rialú inmheánach airgeadais gur tharla leibhéal ábhartha de neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair i ndáil le conarthaí a bhí i bhfeidhm sa bhliain 2025.

Maoiniú nár ceadaíodh ón gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht

Nochtar sa ráiteas faoin rialú inmheánach, tar éis athbhreithniú ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, go bhfuil maoiniú deontais dar luach €13.5 milliún a fuarthas sa bhliain 2020 chun cóiríocht éigeandála a sholáthar do dhaoine ag lorg cosaint idirnáisiúnta le tabhairt ar ais chuig an gCoimisiún Eorpach, mar gheall ar shaincheisteanna soláthair a aithníodh. I gCaibidil 10 de mo *Thuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*, don bhliain 2025, tugtar tuilleadh eolais faoin ábhar sin.

Comhaontuithe cóiríochta i leith cosaint idirnáisiúnta curtha ar ceal

I gCaibidil 14 de mo *Thuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*, don bhliain 2025, scrúdaítear na cúinsí a bhain le cealú comhaontuithe réamhchonartha sa bhliain 2025 maidir le léasú cóiríochta le húsáid ag iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta. Chuir soláthraithe cóiríochta ionchasacha áirithe tús le himeachtaí dlí tar éis an chealaithe, agus tar éis eadrána, bhí íocaíochtaí socruithe nach beag mar thoradh ar roinnt de na cásanna sin. Fabhraíodh na híocaíochtaí a rinneadh ag deireadh na bliana 2025.

Seamus Mac Cárthaigh
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Meán Fómhair 2026

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaithním na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo thuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúchóireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar ar leanúint)

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

I dtaca le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

Vóta 24 Dlí agus Ceart, Gnóthaí Baile agus Imirce

Cuntas Leithreasa 2025

				2025	2024
		Soláthar meastacháin		Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir					
A	An colún ceartais choiriúil				
	Bunaidh	437,983			
	Forlíontach	52,389			
			490,372	489,287	404,013
B	An colún ceartais shibhialta				
	Bunaidh	243,991			
	Forlíontach	45,903			
			289,894	290,949	256,905
C	Inimirce				
	Bunaidh	2,159,149			
	Forlíontach	(33,292)			
			2,125,857	2,117,987	—
Ollchaiteachas					
	Bunaidh	2,841,123			
	Forlíontach	65,000			
			2,906,123	**2,898,223**	**660,918**
Lúide					
D	**Leithreasaí-i-gcabhair**				
	Bunaidh	116,577			
	Forlíontach	19,000			
			135,577	**144,573**	**155,026**
Glanchaiteachas					
	Bunaidh	2,724,546			
	Forlíontach	46,000			
			2,770,546	**2,753,650**	**505,892**

Barrachas

Dlitear barrachas na suime a soláthraíodh, os cionn na glansuime a feidhmíodh, a ghéilleadh don Státchiste.

	2025	2024
	€	€
Barrachas le géilleadh	**16,896,009**	**21,569,324**

Doncha O'Sullivan
Oifigeach Cuntasaíochta
Dlí agus Ceart, Gnóthaí Baile agus Imirce

25 Meán Fómhair 2026

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2025

		2025	2024
	€000	€000	€000
Costas an chláir		2,602,428	453,505
Pá		174,457	121,516
Neamhphá		121,338	85,897
Ollchaiteachas		**2,898,223**	**660,918**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**144,573**	**155,026**
Glanchaiteachas		**2,753,650**	**505,892**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Réadmhaoin, fearas agus trealamh (nóta 2.1)			
Ceannacháin	(202,944)		
Dímheas	13,491		
Caillteanas ar dhiúscairtí	13		
Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)			
Ceannacháin	(5,644)		
Amúchadh	3,295		
		(191,789)	4,487
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Méadú ar fhardail	(1,109)		
Méadú ar réamhíocaíochtaí	(46,402)		
Méadú ar ioncam fabhraithe	(18,041)		
Méadú ar sholáthar	10,000		
Méadú ar speansais fhabhraithe	39,543		
Méadú ar ioncam iarchurtha	7,234		
		(8,775)	42,224
Caiteachas vótáilte díreach		**2,553,086**	**552,603**
Caiteachas a iompraíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		74,986	70,195
Measchíos		5,077	5,122
Glanchostas an chláir		**2,633,149**	**627,920**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 24 a iompraíodh in áit eile.

		2025 €000	2024 €000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	287	335
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	66,687	61,355
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	11,809	12,636
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	639	321
Vóta 20	An Garda Síochána	293	265
Vóta 43	Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais	578	349
An Príomh-Chiste - pinsin Airí		226	167
Costas na seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile		(5,533)	(5,233)
		74,986	**70,195**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2025

	Nóta	2025	2024
		€000	€000
Sócmhainní seasta			
Réadmhaoin, fearas agus trealamh	2.1	574,863	118,727
Sócmhainní doláimhsithe	2.2	10,611	6,416
		585,474	**125,143**
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.3	57,477	11,663
Fardail	2.4	2,864	1,755
Réamhíocaíochtaí	2.5	55,423	9,021
Ioncam fabhraithe	2.6	19,684	1,643
Iarmhéideanna dochair eile	2.7	23,627	5,917
		159,075	**29,999**
Lúide			
Dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe	2.8	84,977	45,434
Ioncam iarchurtha	2.9	24,806	17,572
Iarmhéideanna sochair eile	2.10	25,984	13,510
An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht	2.11	51,752	—
Soláthairtí	2.12	10,000	—
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.13	3,369	4,070
		200,888	**80,586**
Glandliteanais reatha		**(41,813)**	**(50,587)**
Glansócmhainní		**543,661**	**74,556**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.14	**543,661**	**74,556**

2.1 Réadmhaoin, fearas agus trealamh [a]

	Foirgnimh	Feabhsuithe léasachta	Feithiclí agus trealamh	Trealamh oifige agus TF	Troscán agus feistis	Sócmhainní atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Costas nó luacháil [b]							
Ag an 1 Eanáir 2025	7,019	—	2,492	36,007	1,550	102,790	149,858
Aistriú isteach [c]	245,310	1,964	—	2,522	1,908	26,853	278,557
Breiseanna	191,317	—	355	3,657	12	7,603	202,944
Nithe a cuireadh in úsáid	131,694	—	—	—	—	(131,694)	—
Athluacháil	(897)	—	—	—	—	—	(897)
Aistriú amach	(3,504)	—	(456)	(840)	(194)	—	(4,994)
Diúscairtí	—		(115)	(1,615)	(356)	—	(2,086)
Ag an 31 Nollaig 2025	570,939	1,964	2,276	39,731	2,920	5,552	623,382
Dímheas carntha							
Ag an 1 Eanáir 2025	2,278	—	1,922	25,491	1,440	—	31,131
Dímheas ar aistriú amach isteach	7,393	3	—	912	217	—	8,525
Dímheas don bhliain	9,292	39	231	3,715	214	—	13,491
Dímheas ar aistriú amach	(1,273)	—	(394)	(729)	(159)	—	(2,555)
Dímheas ar dhiúscairtí	—	—	(115)	(1,609)	(349)	—	(2,073)
Ag an 31 Nollaig 2025	17,690	42	1,644	27,780	1,363	—	48,519
Glansócmhainní Ag an 31 Nollaig 2025	**553,249**	**1,922**	**632**	**11,951**	**1,557**	**5,552**	**574,863**
Ag an 31 Nollaig 2024	4,741	—	570	10,516	110	102,790	118,727

Nóta [a] Léirítear sa ráiteas faoi shócmhainní caipitil na sócmhainní don Roinn ar fad, lena n-áirítear roinnt gníomhaireachtaí i Vóta 24 a ullmhaíonn ráitis airgeadais ar leithligh freisin.

[b] Áirítear le costas nó luacháil sócmhainní áirithe a fuarthas ar chostas is lú ná €10,000 roimh an 1 Eanáir 2021.

[c] Sócmhainní a aistríodh isteach agus amach tar éis an aistrithe feidhmeanna. Féach an réamhrá.

2.2 Sócmhainní doláimhsithe

	Bogearraí faighte agus forbartha	Sócmhainní atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000
Costas nó luacháil			
Ag an 1 Eanáir 2025	88,028	525	88,553
Aistriú isteach	2,454	274	2,728
Breiseanna	1,429	4,215	5,644
Aistriú amach	(2,310)	—	(2,310)
Diúscairtí	(124)	—	(124)
Ag an 31 Nollaig 2025	89,477	5,014	94,491
Amúchadh carntha			
Ag an 1 Eanáir 2025	82,136	—	82,136
Amúchadh ar aistriú isteach	860	—	860
Amúchadh	3,295	—	3,295
Amúchadh ar aistriú amach	(2,287)	—	(2,287)
Amúchadh ar dhiúscairtí	(124)	—	(124)
Ag an 31 Nollaig 2025	83,880	—	83,880
Glansócmhainní			
Ag an 31 Nollaig 2025	**5,597**	**5,014**	**10,611**
Ag an 31 Nollaig 2024	5,891	525	6,416

2.3 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Iarmhéideanna agus airgead tirim ag an bPámháistir Ginearálta	51,216	8,007
Iarmhéideanna cuntais bainc tráchtála	6,261	3,656
	57,477	**11,663**

Nóta [a] Tá 25 iarmhéid cuntais bainc tráchtála ann, lena n-áirítear 12 iarmhéid bainc dar luach €2.8 milliún a bhaineann le roinnt gníomhaireachtaí a mhaoinítear le Vóta 24 agus a ullmhaíonn ráitis airgeadais ar leith freisin.

2.4 Fardail

ag an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Ábhair inchaite fhóiréinseacha	1,921	1,105
Ábhair inchaite TF	718	56
Ceadanna cónaithe/doiciméid taistil	140	520
Ilghnéitheach	46	29
Trealamh/éadach	39	45
	2,864	**1,755**

2.5 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Costais i ndáil le cóiríocht d'iarrthóirí ar chosaint idirnáisiúnta [a]	43,017	—
Riarachán na Roinne [b]	9,554	5,802
Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann [c]	1,000	1,572
An Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála [b]	617	—
Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann [b]	341	374
An Biúró um Shócmhainní Coiriúla	183	158
Cóiríocht don phobal Úcránach, agus costais ghaolmhara	134	—
An tÚdarás Slándála Príobháidí [d]	13	18
Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána	—	606
An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine	—	115
Fo-mhírchinn eile [b, d]	564	376
	55,423	**9,021**

Nóta
[a] Cóiríocht tráchtála
[b] Córais TFC a chothabháil agus tacaíocht a thabhairt dóibh, agus ceadúnú
[c] Trealamh a chothabháil
[d] Riarachán eile

2.6 Ioncam fabhraithe

ag an 31 Nollaig	2025 €000	2024 €000
Forchúitimh cóiríochta tráchtála [a]	17,392	—
Táillí i ndáil le víosaí	1,307	480
Ranníocaíochtaí aoisliúntais breise	211	—
Táillí i ndáil leis an Údarás Slándála Príobháidí	205	—
Táillí i ndáil le clárú inimirce	—	388
Ioncam fabhraithe eile	569	775
	19,684	**1,643**

Nóta [a] Tá pleananna forchúitimh i bhfeidhm maidir le roinnt soláthraithe cóiríochta, agus táthar ag súil go mbeidh siad forchúitithe go hiomlán sa bhliain 2026.

2.7 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2025 €000	2024 €000
Íocaíocht Aitheantais Cóiríochta – an pobal Úcránach [a]	15,335	—
Óinchistí	53	51
Caiteachas in-fhorchúitithe ar an scéim pas taistil	310	218
Glacadóireacht an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla	105	105
Míreanna dochair eile ar fionraí	7,824	5,543
	23,627	**5,917**

Nóta [a] Is í an Roinn Coimirce Sóisialaí a riarann an Scéim um Íocaíocht Aitheantais Cóiríochta i gcás go ndéanann an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce íocaíochtaí míosúla roimh ré leis an Roinn Coimirce Sóisialaí trí chuntas fionraí.

2.8 Speansais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Cóiríocht d'iarrthóirí ar chosaint idirnáisiúnta [a]	35,000	—
Cóiríocht don phobal Úcránach, agus costais ghaolmhara	20,278	—
Scéimeanna um chúnamh dlíthiúil coiriúil	9,067	12,511
Infheistíocht caipitil dhigitigh agus costais TF	2,770	2,932
Cibearshlándáil Náisiúnta	1,349	—
Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann	781	1,461
Seirbhísí oibriúcháin, soláthairtí agus trealamh ilghnéitheach	713	3,245
Costais áitribh oifige	217	448
An Biúró um Shócmhainní Coiriúla	107	146
An tSeirbhís Chróinéara	97	1,424
Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	12	55
Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta	9	3
Cúiteamh i leith díobhálacha pearsanta – coiriúil	—	3,766
Fo-mhírchinn eile	2,093	4,698
Pá saoire (nóta 2.19)	4,636	8,954
Párolla (nóta 2.19)	7,848	5,791
	84,977	**45,434**

Nóta [a] Áirítear le costais fhabhraithe ar chóiríocht d'iarrthóirí ar chosaint idirnáisiúnta socraíochtaí dlí a socraíodh agus a íocadh sa bhliain 2026.

2.9 Ioncam iarchurtha

ag an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Táillí i ndáil le clárú inimirce	12,688	3,126
Táillí i ndáil le deimhnithe náisiúntachta agus saoránachta	12,071	14,136
Táillí i ndáil le víosaí	42	195
Táillí i ndáil le Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann	5	1
Táillí i ndáil le cinsireacht scannán	—	114
	24,806	**17,572**

2.10 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	3,527	3,093
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	2,595	2,176
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	3,082	1,699
Cáin bhreisluacha	989	199
Iarmhéideanna i gcuntais roinne	6,261	3,656
	16,454	10,823
Fionraí		
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	886	730
Tionscadail cuimsithe shóisialta an Aontais Eorpaigh	4,866	1,374
Airleacain ón Aontas Eorpach le haghaidh thionscadail an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála	3,166	—
Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste	—	7
Réamhíocaíochtaí le hOifig na nOibreacha Poiblí	294	371
Míreanna sochair eile ar fionraí	318	205
	9,530	2,687
	25,984	**13,510**

2.11 An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht

ag an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Fionraí – Fáltais ón Aontas Eorpach (AMIF) [a]	**51,752**	**—**

Nóta [a] Coinnítear maoiniú AMIF ó Choimisiún an Aontais Eorpaigh i gcuntas fionraí agus scaoiltear é chuig an Vóta trí leithreasaí-i-gcabhair a luaithe a mheastar go bhfuil sé cinnte. An 31 Nollaig 2025, b'ionann iarmhéid na gcistí a fuarthas ach nár scaoileadh agus €51.75 milliún. Bhain €13.5 milliún den tsuim sin le deontas cóiríochta éigeandála a tugadh ar ais do Choimisiún an Aontais Eorpaigh i mí Aibreáin 2026. Tuairiscíodh an t-iarmhéid sa Chiste ag deireadh na bliana 2024 (€34.477 milliún) i Vóta 40 Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige.

2.12 Soláthairtí

ag an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Céim 2 de Scéim Sásaimh Stardust (dliteanais reatha)	10,000	—
Iomlán	**10,000**	**—**

Gluaiseacht i leith gach aicme soláthair	Céim 2 de Scéim Sásaimh Stardust	Iomlán
	€000	€000
Iarmhéid tosaigh	—	—
Soláthar breise a rinneadh	10,000	10,000
Suimeanna a úsáideadh	—	—
Suimeanna neamhúsáidte a aisiompaíodh	—	—
Leachtú lascaine	—	—
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	**10,000**	**10,000**

Nóta [a] Céim 2 de Scéim Sásaimh Stardust – íocaíocht aitheantais sheasta €20,000 le gach tairbhí marthanach de chuid an Bhinse Cúitimh bunaidh i leith Íospartaigh Stardust a bunaíodh sa bhliain 1985. Fuair 823 dhuine san iomlán cúiteamh ón mBinse. Leis an scéim seo, comhlíontar gealltanas an Rialtais go gcuirfí cur chuige dhá chéim chun feidhme i leith sásamh d'íospartaigh Stardust.

2.13 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Barrachas le géilleadh	16,896	21,569
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(13,527)	(17,499)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	**3,369**	**4,070**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	57,477	11,663
Iarmhéideanna dochair: fionraí	23,627	5,917
	81,104	17,580
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(16,453)	(10,823)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(9,530)	(2,687)
An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht	(51,752)	—
	(77,735)	(13,510)
	3,369	**4,070**

2.14 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2025	2024
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			74,556	121,267
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	2,770,546		
Barrachas le géilleadh	Cuntas	(16,896)		
Glanvóta			2,753,650	505,892
Caiteachas a iompraíodh in áit eile	1.1		74,986	70,195
Míreanna neamhairgid:				
Glanchoigeartú ar shócmhainní caipitil	2.1, 2.2	269,438		
Athluacháil	2.1	(897)		
Measchíos	1	5,077		
			273,618	5,122
Glanchostas an chláir	1		(2,633,149)	(627,920)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**543,661**	**74,556**

2.15 Ceangaltais

a) Ceangaltais dhomhanda ag an 31 Nollaig	2025 €000	2024 €000
Soláthar earraí agus seirbhísí	249	10,148 [a]
Tionscadail chaipitil	5,259	276
Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí	**5,508**	**10,424**

Nóta [a] Tháinig an laghdú ar sholáthar earraí agus seirbhísí chun cinn mar gheall ar an measúnú ar chonarthaí is in-fhorfheidhmithe le dlí agus atá neamh-inchealaithe i gcuntais na bliana 2025.

d) Mórthionscadail chaipitil

	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2024	Caiteachas sa bhliain 2025	Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin	Caiteachas ionchais iomlán shaolré an tionscadail 2025	Caiteachas ionchais iomlán shaolré an tionscadail 2024
	€000	**€000**	**€000**	**€000**	**€000**
Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann [a]	102,790	5,940	—	108,730	102,790
Clár mearthógála	253,860	28,766	2,709	285,335	285,300

Nóta [a] Ní raibh an íocaíocht deiridh a bhí dlite ar an tionscadal ar eolas i gcuntais na bliana 2024 toisc go raibh an idirbheartaíocht idir an conraitheoir agus Oifig na nOibreacha Poiblí fós ar siúl.

2.16 Léas oibriúcháin

ag an 31 Nollaig	**2025**	**2024**
	€000	**€000**
Speansas léasa oibriúcháin don bhliain [a]	**269**	**542**
Níl aon íocaíochtaí cíosa theagmhasaigh dlite, agus níl aon ioncam foléasa infhaighte		
Is mar a leanas atá na híocaíochtaí léasa íosta comhiomlána amach anseo faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe		
Laistigh de bhliain amháin	1,270	304
Idir 1 bhliain agus 5 bliana	3,929	—
Níos déanaí ná 5 bliana	—	—
Iomlán na gceangaltas léasa oibriúcháin neamh-inchealaithe	**5,199**	**304**

Nóta [a] Tar éis an aistrithe feidhme sa bhliain 2025, ghlac an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce freagracht as an léas le haghaidh Oifigí Chúirt Montague.

2.17 Dliteanais aibithe

ag an 31 Nollaig	**2025**	**2024**
	€000	**€000**
Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh glanta ag deireadh na bliana	**233**	**37**

2.18 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Roinn páirteach i roinnt cásanna dlí a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Is éiginnte atá suimeanna agus uainiú aon dliteanas. Tagraítear do chostais dlí bhreise freisin i nóta 6.1 maidir le coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta.

2.19 Cibearshlándáil

Tá an Roinn freagrach as an mbeartas cibearshlándála in Éirinn agus as an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025. Tar éis an athraithe Rialtais sa bhliain 2025, rinneadh athchumraíocht ar Ranna Rialtais éagsúla. Mar thoradh air sin, aistríodh feidhmeanna Cibearshlándála na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (Vóta 29) chuig an Roinn Dlí agus Cirt an 1 Meitheamh 2025 faoi I.R. Uimh. 234/2025 – An tOrdú um Chibearshlándáil (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 2025.

Tuairiscítear caiteachas a bhaineann leis an gcibearshlándáil faoin gcolún ceartais choiriúil, mar atá léirithe thíos, agus íoctar na costais riaracháin ó fho-mhírchinn A.1 agus A.2 agus soláthraítear maoiniú oibriúcháin trí fho-mhírcheann A.31.

ag an 31 Nollaig	**2025**	**2024[a]**
	€000	**€000**
Riarachán – pá	7,828	6,189
Riarachán – neamhphá	291	296
Oibríochtaí	6,373	8,789
	14,492	**15,274**

Nóta [a] Tabhaíodh figiúirí comparáideacha na bliana 2024 i Vóta 29 Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid

2.20 Tionchar na n-athruithe i bpolasaithe cuntasaíochta

Cuireadh naoi gcinn nua de chaighdeáin chuntasaíochta an rialtais láir (CGAS) chun feidhme le héifeacht ón 1 Eanáir 2024 agus cuireadh sé cinn nua de chaighdeáin chuntasaíochta an rialtais láir chun feidhme le héifeacht ón 1 Eanáir 2025. Rinne an cur chun feidhme an difear seo a leanas d'iarmhéid an chuntais maoinithe Stáit.

	2025 €000	2024 €000
Athluacháil réadmhaoine [a]	(897)	—
Soláthar [b]	(10,000)	—
Fabhrú saoire [c]	—	(8,954)
Fabhrú párolla [c]	—	(5,791)
Ranníocaíochtaí aoisliúntais breise [d]	211	—
	(10,686)	**(14,745)**

Nóta
[a] CGAS 17 Réadmhaoin, fearas agus trealamh
[b] CGAS 19 Forálacha, Dliteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha
[c] CGAS 39A Sochair Fostaithe Cuid A
[d] CGAS 23 Ioncam ó idirbhearta Neamh-Mhalairte (Cánacha agus Aistrithe)

Nóta 3 Caiteachas an Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Cionroinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos ar fud na gclár uile chun costálacha iomlána na gclár a chur i láthair.

				2025	2024
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais				
	Bunaidh	127,142			
	Forlíontach	20,585			
			147,727	148,211	115,879
ii	Taisteal agus cothú		1,362	1,589	1,034
iii	Oiliúint agus forbairt				
	Bunaidh	1,341			
	Forlíontach	(103)			
			1,238	1,283	1,248
iv	Seirbhísí oibriúcháin, soláthairtí agus trealamh ilghnéitheach				
	Bunaidh	20,247			
	Forlíontach	26,306			
			46,553	45,112	30,043
v	Infheistíocht caipitil dhigitigh agus costais TF				
	Bunaidh	39,932			
	Forlíontach	15,951			
			55,883	55,783	42,335
vi	Costais áitribh				
	Bunaidh	4,041			
	Forlíontach	2,959			
			7,000	7,183	6,303
vii	Athbhreithnithe ar pholasaithe, seirbhísí comhairleoireachta agus taighde				
	Bunaidh	1,775			
	Forlíontach	(175)			
			1,600	1,819	695
viii	Seirbhísí comhroinnte airgeadais				
	Bunaidh	7,330			
	Forlíontach	1,645			
			8,975	10,527	7,110

				2025	2024
			Soláthar measatacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
ix	Clár bunathraithe ceartais agus póilíneachta				
	Bunaidh	8,000			
	Forlíontach	(6,461)			
			1,539	1,611	2,766
x	Seirbhísí cóiríochta cosanta idirnáisiúnta				
	Bunaidh	25,241			
	Forlíontach	(3,347)			
			21,894	22,676	—
			293,771	**295,794**	**207,413**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach sna nótaí seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000 ar a laghad) i gcaiteachas riaracháin.

iv Seirbhísí oibriúcháin, soláthairtí agus trealamh ilghnéitheach

Soláthar measatacháin €20.247 milliún; toradh €45.112 milliún

Tháinig an caiteachas barrachais €24.865 milliún i gcomparáid leis an soláthar measatacháin bunaidh chun cinn mar gheall ar mhéadú ar na seirbhísí ar sholáthair an Oifig um Chosaint Idirnáisiúnta agus Seachadadh Seirbhíse Inimirce, ar seirbhísí iad atá bunaithe ar an éileamh. Baineann na méaduithe go príomha le comhaltaí painéil, le táillí aistriúcháin, ateangaireachta agus dlí le haghaidh athbhreithnithe breithiúnacha inimirce, agus le costais phoist mhéadaithe a bhaineann le cártaí Ceada Chónaithe Éireannaigh (IRP) a sheachadadh agus le deimhnithe Tairbhithe Cosanta Sealadaí (BoTP) a eisiúint chuig Úcránaigh.

v Infheistíocht caipitil dhigitigh agus costais TF

Soláthar measatacháin €39.932 milliún; toradh €55.783 milliún

Tháinig an caiteachas barrachais €15.851 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn go príomha mar gheall ar an nuachóiriú digiteach ar fud na feidhme inimirce, go háirithe an Oifig um Chosaint Idirnáisiúnta, agus tionscadail a bhain le Seachadadh Seirbhíse Inimirce, le Comhaontú an Aontais Eorpaigh maidir le hImirce, agus le ríomhgheataí. Tá costais bhreise le cur freisin i leith an mhéadaithe mhóir ar an éileamh ar sholáthar seirbhísí TFC tar éis an aistrithe feidhmeanna.

vi Costais áitribh

Soláthar measatacháin €4.041 milliún; toradh €7.183 milliún

Tháinig an caiteachas barrachais €3.142 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn go príomha mar gheall ar chostais bhreise tógála agus ar chostais ghaolmhara chun freastal ar bhaill foirne bhreise san Oifig um Chosaint Idirnáisiúnta, agus mar gheall ar chostais a bhaineann leis an aistriú feidhmeanna.

viii Seirbhísí comhroinnte airgeadais

Soláthar meastacháin €7.330 milliún; toradh €10.527 milliún

Tháinig an caiteachas barrachais €3.197 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn go príomha mar gheall ar chaiteachas breise faoin gconradh le haghaidh tacaíocht fheabhsaithe do chustaiméirí don chóras bainistíochta airgeadais Oracle, a bhí fós riachtanach go dtí go gcríochnófaí an t-aistriú chuig Ionad Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte. Bhí tionchar breise ag uainiú na n-íocaíochtaí a aithníodh sa bhliain 2025 air sin.

ix Clár bunathraithe ceartais agus póilíneachta

Soláthar meastacháin €8 milliún; toradh €1.611 milliún

Rinneadh an choigilt €6.389 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh a ath-leithdháileadh chun tacú le tionscadail nuachóirithe a bhí ar bun ag Seachadadh Seirbhíse Inimirce.

Clár A An Colún Ceartais Choiriúil

				2025	2024
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá				
	Bunaidh	46,157			
	Forlíontach	6,923			
			53,080	49,441	39,068
A.2	Riarachán – neamhphá				
	Bunaidh	25,319			
	Forlíontach	14,212			
			39,531	41,830	28,405
A.3	Oifig an Chigire Príosún				
	Bunaidh	3,028			
	Forlíontach	(1,273)			
			1,755	1,844	1,754
A.4	Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána		—	—	17,603
A.5	Cigireacht an Gharda Síochána		—	—	1,229
A.6	An Biúró um Shócmhainní Coiriúla				
	Bunaidh	12,751			
	Forlíontach	523			
			13,274	13,588	12,391
A.7	An tSeirbhís Phromhaidh – tuarastail, pá agus liúntais				
	Bunaidh	31,181			
	Forlíontach	709			
			31,890	32,189	29,589
A.8	An tSeirbhís Phromhaidh – speansais oibriúcháin				
	Bunaidh	4,725			
	Forlíontach	800			
			5,525	5,628	5,141
A.9	An tSeirbhís Phromhaidh – seirbhísí do chiontóirí		21,032	21,014	19,996
A.10	An Scéim Orduithe Seirbhíse Pobail				
	Bunaidh	3,860			
	Forlíontach	(286)			
			3,574	3,576	2,852

				2025	2024
			Soláthar measctha	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
A.11	Idirghabhálacha um cheartas i leith an aosa óig				
	Bunaidh	33,211			
	Forlíontach	4,865			
			38,076	38,093	30,322
A.12	Íospartaigh na coireachta		3,574	3,897	3,698
A.13	An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil)		439	354	315
A.14	Cúiteamh i leith díobhálacha pearsanta a rinneadh go coiriúil				
	Bunaidh	10,680			
	Forlíontach	7,200			
			17,880	17,687	10,016
A.15	Cúnamh dlíthiúil – coiriúil				
	Bunaidh	99,044			
	Forlíontach	21,500			
			120,544	120,643	89,251
A.16	Cúnamh dlíthiúil – saincheisteanna coimeádta				
	Bunaidh	5,270			
	Forlíontach	500			
			5,770	5,441	6,630
A.17	An Bord Parúil				
	Bunaidh	2,778			
	Forlíontach	(117)			
			2,661	2,492	2,332
A.18	Bearta chun an choireacht a chosc				
	Bunaidh	2,025			
	Forlíontach	(1,110)			
			915	752	756
A.19	An tÚdarás Slándála Príobháidí				
	Bunaidh	4,805			
	Forlíontach	87			
			4,892	4,923	4,597
A.20	Foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe (neamhghníomhaireacht)		61,210	62,153	54,562

				2025	2024
			Soláthar measatacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
A.21	Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann				
	Bunaidh	27,424			
	Forlíontach	3,392			
			30,816	32,129	24,772
A.22	Oifig an Phaiteolaí Stáit				
	Bunaidh	1,822			
	Forlíontach	(20)			
			1,802	1,811	1,671
A.23	Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta				
	Bunaidh	1,100			
	Forlíontach	1,639			
			2,739	1,663	3,432
A.24	Beart míbhuntáiste shóisialta (arna mhaoiniú ó chuntais dhíomhaoine)		7,000	6,721	6,074
A.25	Ciste Nuálaíochta Sábháilteachta Pobail		4,000	3,624	3,170
A.26	Cuan				
	Bunaidh	5,707			
	Forlíontach	(870)			
			4,837	5,038	2,737
A.27	Aonad na hÉireann um Fhaisnéis faoi Phaisinéirí				
	Bunaidh	2,022			
	Forlíontach	(221)			
			1,801	1,745	837
A.28	Comhlachtaí achomhairc (ceartas coiriúil)		11	5	5
A.29	Oifig an Scrúdaitheora Neamhspleách				
	Bunaidh	1,550			
	Forlíontach	(617)			
			933	900	42
A.30	An Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail				
	Bunaidh	5,558			
	Forlíontach	(1,423)			
			4,135	3,733	766

				2025	2024
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
A.31	An Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála				
	Bunaidh	10,700			
	Forlíontach	(4,024)			
			6,676	6,373	—
			490,372	**489,287**	**404,013**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach sna nótaí seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha (+/- 5% agus €100,000 ar a laghad) i gcaiteachais chláir nár chaiteachais riaracháin iad.

A.3 Oifig an Chigire Príosún

Soláthar meastacháin €3.028 milliún; toradh €1.844 milliún

Tháinig an choigilt €1.184 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn go príomha mar gheall ar mhoilleanna ar bhaill foirne a earcú agus mar gheall ar an tionchar a bhí ag an moill sin ar an gclár oibre, go háirithe an infheistíocht i dtrealamh agus tionscadail TFC.

A.6 An Biúró um Shócmhainní Coiriúla

Soláthar meastacháin €12.751 milliún; toradh €13.588 milliún

Tháinig an caiteachas barrachais €837,000 i gcoibhneas leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn go príomha mar gheall ar an méadú ar chaiteachas chun freastal ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin, lena n-áirítear costais bonneagair nua TFC, costais flít, agus costais dlí.

A.8 An tSeirbhís Phromhaidh – speansais oibriúcháin

Soláthar meastacháin €4.725 milliún; toradh €5.628 milliún

Tháinig an caiteachas barrachais €903,000 i gcoibhneas leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn go príomha mar gheall ar an méadú ar chaiteachas ar an tseirbhís bhainistithe TFC de bharr méadú ar líon foirne na Seirbhíse Promhaidh sa bhliain 2025, mar gheall ar an méadú ar chaiteachas taistil agus cothaithe de bharr méadú ar an líon foirne agus ar ghníomhaíocht oibriúcháin ghaolmhar agus de bharr an chostais a bhain le ciorclán nua taistil agus cothaithe a eisíodh sa bhliain 2025, agus mar gheall ar mhéadú ginearálta ar an gcostas a bhaineann le heastát agus saoráidí a sholáthar go náisiúnta agus le seirbhísí postais agus teileachumarsáide.

A.10 An Scéim Orduithe Seirbhíse Pobail

Soláthar meastacháin €3.86 milliún; toradh €3.576 milliún

Ba le pá folúntais sa ról mar mhaoirseoir seirbhíse pobail agus le moilleanna ina dhiaidh sin ar na poist sin a líonadh a bhain an choigilt €284,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh.

A.11 Idirghabhálacha um cheartas i leith an aosa óig

Soláthar meastacháin €33.211 milliún; toradh €38.093 milliún

Tháinig an caiteachas barrachais €4.882 milliún i gcoibhneas leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn go príomha mar gheall ar leathnú na seirbhísí, agus mar gheall ar na costais iartheachtacha a bhain le poist bhreise oibrithe ceartais óige agus leis an méadú ar chostais oibriúcháin.

A.12 Íospartaigh na coireachta, lena n-áirítear coireanna gnéasacha agus drochíde sa teaghlach

Soláthar meastacháin €3.574 milliún; toradh €3.897 milliún

Tháinig an caiteachas barrachais €323,000 i gcoibhneas leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn mar gheall ar an méadú ar an maoiniú a d'iarr eagraíochtaí a thacaíonn le híospartaigh na coireachta. Bhí an maoiniú méadaithe a iarradh ag teastáil chun seirbhísí ríthábhachtacha a chothabháil i bhfianaise éilimh mhéadaitheacha ar shainseirbhísí tacaíochta.

A.14 Cúiteamh i leith díobhálacha pearsanta a rinneadh go coiriúil

Soláthar meastacháin €10.68 milliún; toradh €17.687 milliún

Tháinig an caiteachas barrachais €7.007 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn mar gheall ar dhámhachtainí breise a íoc le híospartaigh a d'fhulaing díobhálacha tromchúiseacha buana mar thoradh ar ionsaithe foréigneacha a rinneadh orthu. Áirithíodh soláthar forlíontach €7.2 milliún chun cabhrú leis an easnamh maoiniúcháin sin a réiteach.

A.15 Cúnamh dlíthiúil – coiriúil

Soláthar meastacháin €99.044 milliún; toradh €120.643 milliún

Bhí caiteachas barrachais €21.6 milliún ann i gcomparáid leis an leithdháileadh buiséid bunaidh €99 milliún, ar léiriú é ar an méadú ar éileamh. Faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Dlíthiúil), 1962, is iad na Cúirteanna atá freagrach as cúnamh dlíthiúil coiriúil a dheonú. Bíonn sé deacair costas na Scéime um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil agus costas na scéimeanna eile *ad hoc* um chúnamh dlíthiúil a thuar toisc gur scéimeanna atá faoi thionchar an éilimh iad. Tá an Roinn ag déanamh dlúthmhonatóireacht ar chaiteachas sa réimse seo. Leis an mBille nua um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil, déanfar an córas um chúnamh dlíthiúil a dheonú a thabhairt cothrom le dáta agus a neartú.

A.17 An Bord Parúil

Soláthar meastacháin €2.778 milliún; toradh €2.492 milliún

Tháinig an choigilt €286,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn mar gheall ar fholúntais foirne i Rúnaíocht an Bhoird Parúil agus mar gheall ar mhoilleanna ar na poist sin a líonadh, chomh maith le caiteachas laghdaithe mar gheall ar uainiú na gcostas dlí tríú páirtí in imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh.

A.18 Bearta chun an choireacht a chosc

Soláthar meastacháin €2.025 milliún; toradh €752,000

Tháinig an choigilt €1.273 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn mar thoradh ar fheachtas beartaithe feasachta poiblí maidir le sábháilteacht pobail, a bhí le déanamh i gcomhpháirt leis an Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail, nach ndeachaigh ar aghaidh sa bhliain 2025 mar gheall ar chruthú na gcomhpháirtíochtaí sábháilteachta pobail áitiúla nua ar fud na tíre a bheith níos déanaí ná mar a bhíothas ag coinne leis.

A.21 Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann

Soláthar meastacháin €27.424 milliún; toradh €32.129 milliún

Tháinig an caiteachas barrachais €4.705 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn go príomha mar gheall ar na híocaíochtaí comhardaithe deiridh le hOifig na nOibreacha Poiblí i leith an foirgneamh a thógáil, agus mar gheall ar chostais oibriúcháin eile amhail ceadúnais GeneMapper i gcúrsaí DNA.

A.23 Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

Soláthar meastacháin €1.1 milliún; toradh €1.663 milliún

Tháinig an barrachas €563,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn mar gheall ar roinnt tosca a bhain le caiteachas neamhphá i roinnt de na coimisiúin/na fiosrúcháin. Bíonn sé deacair uainiú agus suim na dtáillí dlí ó thríú páirtithe a thuar go cruinn.

A.25 Ciste Nuálaíochta Sábháilteachta Pobail

Soláthar meastacháin €4 mhilliún; toradh €3.624 milliún

Is féidir an choigilt €376,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh a chur síos go príomha do shaincheisteanna uainithe a bhain le híocaíochtaí céime i leith tionscadal. Coinnítear an íocaíocht deiridh (20% den leithdháileadh iomlán) go dtí go mbaineann an tionscadal iomchuí na garspriocanna comhaontaithe amach.

A.26 Cuan

Soláthar meastacháin €5.707 milliún; toradh €5.038 milliún

Ba leis an ngné pá go príomha a bhain an choigilt €669,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh, agus tháinig sí chun cinn mar gheall ar bhaill foirne a thabhairt ar bord de réir a chéile le linn na bliana 2025 agus ar dhúshláin maidir le baill foirne nua a earcú.

A.27 Aonad na hÉireann um Fhaisnéis faoi Phaisinéirí

Soláthar meastacháin €2.022 milliún; toradh €1.745 milliún

Tháinig an choigilt €277,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn mar gheall ar fholúntais agus moilleanna ar earcaíocht le haghaidh poist shonracha agus ar aislíonadh post eile.

A.29 Oifig an Scrúdaitheora Neamhspleách

Soláthar meastacháin €1.550 milliún; toradh €900,000

Tháinig an choigilt €650,000 i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh chun cinn go príomha mar gheall ar an moill ar an Oifig seo a bhunú ar feitheamh thosach feidhme an Achta um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024.

A.30 An Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail

Soláthar meastacháin €5.558 milliún; toradh €3.733 milliún

Tháinig an choigilt €1.825 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn mar gheall ar uainiú thosach feidhme an Achta um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, ar uainiú bhunú reachtúil na hOifige Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail, agus ar uainiú thosach feidhme na rialachán maidir le Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla a bhunú agus a oibriú (Iúil 2025), agus mar gheall ar na costais mheasta ghaolmhara a bhaineann leis an Acht a chur chun feidhme.

A.31 An Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála

Soláthar meastacháin €10.7 milliún; toradh €6.373 milliún

Tháinig an choigilt €4.327 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn mar gheall ar an tionchar ar thionscadail mar thoradh ar aistriú feidhmeanna an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála ón Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil chuig an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce. Bhí tionchar ag an bpróiseas sin ar ghníomhaíocht soláthair agus, dá bhrí sin, ar leibhéil chaiteachais don chuid eile den bhliain.

Clár B An Colún Ceartais Shibhialta

				2025	2024
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
B.1	Riarachán – pá				
	Bunaidh	86,456			
	Forlíontach	13,792			
			100,248	104,380	82,448
B.2	Riarachán – neamhphá				
	Bunaidh	53,238			
	Forlíontach	25,780			
			79,018	77,467	57,492
B.3	Údaráis lárnacha		135	141	83
B.4	An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí				
	Bunaidh	1,001			
	Forlíontach	(1,001)			
			—	—	1,000
B.5	An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine		—	—	3,561
B.6	Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann				
	Bunaidh	7,993			
	Forlíontach	(329)			
			7,664	7,629	7,739
B.7	An tÚdarás Rialála Cearrbhachais [a]				
	Bunaidh	9,157			
	Forlíontach	(2,231)			
			6,926	7,271	3,111
B.8	An Coimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha		—	—	361
B.9	Comhairle na mBreithiúna		—	—	1,027
B.10	An tSeirbhís Chróinéara				
	Bunaidh	5,198			
	Forlíontach	6,173			
			11,371	11,096	33,985
B.11	An Bord um Chúnamh Dlíthiúil				
	Bunaidh	64,122			
	Forlíontach	(11)			
			64,111	64,111	55,067
B.12	Ionaid Chomhairle Dlí Saor in Aisce		500	500	444

				2025	2024
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
B.13	Cláir inimirce agus chosanta idirnáisiúnta				
	Bunaidh	1,538			
	Forlíontach	8,666			
			10,204	9,905	4,102
B.14	An Binse um Achomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta				
	Bunaidh	11,653			
	Forlíontach	(2,536)			
			9,117	8,449	5,810
B.15	Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann		—	—	628
B.16	Comhlachtaí achomhairc (ceartas sibhialta)		—	—	47
B.17	Tacadóir cúirte – leanaí				
	Bunaidh	3,000			
	Forlíontach	(2,400)			
			600	—	—
			289,894	**290,949**	**256,905**

Nóta [a] Tháinig Údarás Rialála Cearrbhachais na hÉireann i mbun feidhme an 5 Márta 2025 tar éis a bhunaithe faoi alt 12 den Acht um Rialáil Cearrbhachais, 2024. Tabhaíodh costais ab ionann agus €5.297 milliún sular bunaíodh é i mí an Mhárta 2025 (ón mbliain 2022 go mí Feabhra 2025).

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach sna nótaí seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha (+/- 5% agus €100,000 ar a laghad) i gcaiteachais chláir nár chaiteachais riaracháin iad.

B.4 An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí

Soláthar meastacháin €1.001 milliún; toradh €Nialas

Leithdháileadh soláthar €1 mhilliún i Vóta 24 de bhun alt 32 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2025, chun críche caiteachais ag an Údarás Rialála Seirbhísí Dlí (ÚRSD) i gcomhlíonadh a fheidhmeanna. Fuair ÚRSD maoiniú leordhóthanach trí bhíthin a thobhaigh ar an ngairm dlí chun a riachtanais chaiteachais sa bhliain 2025 a chumhdach. Dá bhrí sin, níor fhéach ÚRSD le haon mhaoiniú a tharraingt anuas ón Vóta de bhun alt 32 sa bhliain 2025.

B.6 Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann

Soláthar meastacháin €7.993 milliún; toradh €7.629 milliún

Tháinig an choigilt €364,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn go príomha mar gheall ar thearc-chaitheamh ar chostais foirne de bharr an uainithe maidir le príomhfholúntais a líonadh.

B.7 An tÚdarás Rialála Cearrbhachais

Soláthar meastacháin €9.157 milliún; toradh €7.271 milliún

Tháinig an choigilt €1.886 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn mar gheall ar choigilt shuntasach i gcostais phárolla mar thoradh ar an méadú ar an líon foirne a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag coinne leis agus mar thoradh ar amlínte níos faide le haghaidh earcaíochta sa bhliain 2025 de réir mar a tháinig an tÚdarás i mbun feidhme. Bunaíodh an tÚdarás go foirmiúil ar an 5 Márta 2025 trí Ordú a rinneadh faoin Acht um Rialáil Cearrbhachais, 2024.

B.10 An tSeirbhís Chróinéara

Soláthar meastacháin €5.198 milliún; toradh €11.096 milliún

Baineann an gá le buiséad forlíontach suntasach den chuid is mó le scéim sásaimh ionchoisní Stardust agus le suim níos lú d'Oifig Chróinéir Cheantar Bhaile Átha Cliath. B'ionann an leithdháileadh forlíontach agus €6.173 milliún.

B.13 Cláir Inimirce agus Cosanta Idirnáisiúnta

Soláthar meastacháin €1.538 milliún; toradh €9.905 milliún

Tharla an caiteachas barrachais €8.367 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh mar gheall ar na costais a bhain leis an ardlíon daoine a d'imigh ón Stát faoi shásraí éagsúla (i.e., filleadh éigeantach, filleadh deonach, etc.). D'imigh 2,111 duine ón Stát sa bhliain 2025 i gcomparáid le 1,116 dhuine sa bhliain 2024, cothrom le méadú 89%. Táthar ag súil go leanfaidh an treocht aníos sin ar aghaidh sa bhliain 2026.

B.14 An Binse um Achomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta

Soláthar meastacháin €11.653 milliún; toradh €8.449 milliún

Tháinig an choigilt €3.204 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn mar gheall ar an gcaiteachas ar tháillí chomhaltaí an Bhinse a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag coinne leis toisc nár earcaíodh comhaltaí breise den Bhinse go dtí an tríú ráithe agus an ceathrú ráithe den bhliain 2025. Ós rud é gur tháinig na hearcaigh nua isteach níos déanaí sa bhliain, bhí leibhéal na dtáillí ball a íocadh níos ísle ná mar a bhíothas ag coinne leis.

B.17 Tacadóir cúirte – leanaí

Soláthar meastacháin €3 mhilliún; toradh €0 milliún

Tháinig an choigilt €3 mhilliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn mar gheall ar an uainiú a bhain le teacht ar chomhaontú le geallsealbhóirí maidir leis an gcur chuige oibríochtúil, lena n-áirítear soláthairtí. Tá na conarthaí i bhfeidhm sa bhliain 2026 chun clár píolótach a sholáthar le haghaidh an Tacadóra Leanaí.

Clár C Inimirce

				2025	2024[a]
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
C.1	Riarachán – pá				
	Bunaidh	21,998			
	Forlíontach	(1,815)			
			20,183	20,635	—
C.2	Riarachán – neamhphá				
	Bunaidh	3,243			
	Forlíontach	(1,532)			
			1,711	2,041	—
C.3	Lánpháirtiú dídeanaithe agus imirceach				
	Bunaidh	9,214			
	Forlíontach	(1,376)			
			7,838	5,088	—
C.4	An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht				
	Bunaidh	6,456			
	Forlíontach	(4,003)			
			2,453	2,322	—
C.5	Cóiríocht d'iarrthóirí ar chosaint idirnáisiúnta				
	Bunaidh	1,379,986			
	Forlíontach	(13,886)			
			1,366,100	1,364,013	—
C.6	Cóiríocht don phobal Úcránach, agus costais ghaolmhara				
	Bunaidh	738,252			
	Forlíontach	(10,680)			
			727,572	723,888	—
			2,125,857	**2,117,987**	**—**

Nóta [a] Tugadh cuntas i dtoradh na bliana 2024 sna Cuntais Leithreasa do Vóta 40 – an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach sna nótaí seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha (+/- 5% agus €100,000 ar a laghad) i gcaiteachais chláir nár chaiteachais riaracháin iad.

C.3 Lánpháirtiú dídeanaithe agus imirceach

Soláthar meastacháin €9.214 milliún; toradh €5.088 milliún

Tháinig an choigilt €4.126 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn mar gheall ar roinnt tosca. Níor tháinig íocaíocht shuntasach leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce (IOM) a rabhthas ag coinne léi i bpróifíl bhuiséid an Chláir Idirnáisiúnta um Chosaint Dídeanaithe, 2025, chun bheith dlite sa bhliain. Ina theannta sin, bhí an líon daoine a tháinig isteach le haghaidh athlonnaithe níos ísle ná mar a réamh-mheasadh ar dtús, rud a d'fhág go raibh laghdú ann ar an gcaiteachas faoi dheontais údaráis áitiúil agus ar chostais ghaolmhara an chláir. Mar gheall ar an aistriú feidhmeanna, eisíodh torthaí ghlaonna maoiniúcháin an Chiste Lánpháirtíochta agus an Chiste um Éire i gcoinne an Chiníochais don bhliain 2025, agus na híocaíochtaí gaolmhara, tráth níos déanaí ná mar a bhí beartaithe. Táthar ag súil go seolfar glaonna maoiniúcháin tráth níos luaithe sa bhliain 2026 chun a chinntiú go n-íocfar cistí le hiarratasóirí roimh dheireadh na bliana.

C.4 An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht

Soláthar meastacháin €6.456 milliún; toradh €2.322 milliún

Tar éis do Choimisiún an Aontais Eorpaigh athbhreithniú lár téarma a dhéanamh ar bhuiséad an Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht agus ar shaoráid théamach an Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, dámhadh leithdháiltí breise d'Éirinn. Measadh go gcuirfí na leithdháiltí breise sin ar fáil sa bhliain 2025. Mar gheall ar mhoilleanna ar na leithdháiltí breise a bheith á gcur san áireamh sa chlár náisiúnta, áfach, rinneadh coigilt ab ionann agus thart ar €4 mhilliún. Tiocfaidh an caiteachas sin chun cinn sa bhliain 2026, a luaithe a bheidh an próiseas foirmiúil leithdháileacháin curtha i gcrích ag Coimisiún an Aontais Eorpaigh.

Nóta 4 Fáltais agus Ioncam

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

				2025	2024
			Soláthar meastacháin	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000	€000
1	Táillí aicmithe scannán		—	—	853
2	Fáltais ón Aontas Eorpach				
	Bunaidh	1,287			
	Forlíontach	7,713			
			9,000	1	14,338
3	Táillí i ndáil le clárú inimirce				
	Bunaidh	69,000			
	Forlíontach	4,635			
			73,635	79,209	78,488
4	Táillí i ndáil le víosaí		10,000	10,403	10,595
5	Fáltais ó chuntais dhíomhaoine		7,000	6,763	6,087
6	Táillí i ndáil leis an Údarás Slándála Príobháidí				
	Bunaidh	3,200			
	Forlíontach	675			
			3,875	3,921	3,184
7	Táillí i ndáil le deimhnithe náisiúntachta agus saoránachta				
	Bunaidh	18,000			
	Forlíontach	6,647			
			24,647	27,437	31,327
8	Tobhach an Údaráis Rialála Seirbhísí Dlí ar chomhlachtaí gairmiúla				
	Bunaidh	1,000			
	Forlíontach	(1,000)			
			—	—	1,000
9	Táillí i ndáil leis an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine		—	—	2,350
10	Táillí i ndáil le Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann				
	Bunaidh	33			
	Forlíontach	(11)			
			22	25	20
11	Ranníocaíochtaí aoisliúntais breise		5,899	6,451	5,928

				2025	2024
			Soláthar meastacháin	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000	€000
12	Íocaíochtaí breoiteachta na Roinne Coimirce Sóisialaí				
	Bunaidh	159			
	Forlíontach	540			
			699	1,075	—
13	Fáltais ilghnéitheacha				
	Bunaidh	999			
	Forlíontach	(199)			
			800	9,288	856
			135,577	**144,573**	**155,026**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach sna nótaí seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha (+/- 5% agus €100,000 ar a laghad) i leithreasaí-i-gcabhair.

2 Fáltais ón Aontas Eorpach

Soláthar meastacháin €1.287 milliún; réadaithe €1,000

Tháinig easnamh €1.286 milliún i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh chun cinn mar gheall ar mhoill ar an éileamh chuig Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) a rabhthas ag coinne leis agus a cuireadh isteach sa bhliain 2025 a bheith á phróiseáil ag Coimisiún an Aontais Eorpaigh. Fuarthas é sin sa bhliain 2026.

3 Táillí i ndáil le clárú inimirce

Soláthar meastacháin €69 milliún; réadaithe €79.209 milliún

Tháinig barrachas €10.209 milliún i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh chun cinn mar gheall ar éileamh breise sa chéad bhliain iomlán ina raibh freagracht iomlán ar fud na tíre ar an Oifig Clárúcháin. Faightear táillí sula bpróiseáiltear cás tríd an ardán athnuachana ar líne, rud a fhágann go dtagann méadú ar ioncam nuair a thagann méadú ar an líon iarratas.

6 Táillí i ndáil leis an Údarás Slándála Príobháidí

Soláthar meastacháin €3.2 milliún; réadaithe €3.921 milliún

Tháinig barrachas €721,000 i gcomparáid leis an soláthar meastacháin chun cinn go príomha mar gheall ar an méadú ar tháillí ar fud fhormhór na n-earnálacha de bharr éileamh láidir ar sheirbhísí slándála ar fud an gheilleagair.

7 Táillí i ndáil le deimhnithe náisiúntachta agus saoránachta

Soláthar meastacháin €18 milliún; réadaithe €27.437 milliún

Bhain barrachas €9.437 milliún i gcomparáid leis an meastachán bunaidh go príomha le clár leantach nuachóirithe agus digitiúcháin, rud a d'fhág gur tháinig méadú ar an líon iarratas ar eadóirseacht a cuireadh i gcrích sa bhliain 2025. Tá sé deacair an méadú sin ar an aschur a thuar roimh na hathruithe atá á dtabhairt isteach.

8 Tobhach an Údaráis Rialála Seirbhísí Dlí ar chomhlachtaí gairmiúla

Soláthar meastacháin €1 mhilliún; réadaithe €nialas

Tá easnamh €1 mhilliún ann i bhfáltais i gcomparáid leis an meastachán bunaidh toisc go bhfuiltear ag súil leis go bhforchúiteofar sciar de na réamhíocaíochtaí stairiúla atá dlite don Roinn ón Údarás Rialála Seirbhísí Dlí. Comhaontaíodh i mí an Mheithimh 2024, áfach, nach bhforchúiteofaí aon réamhíocaíochtaí an bhliain sin ná sa bhliain 2025 i leith na suime a bhí amuigh. Rinneadh an cinneadh sin chun tréimhse leabaithe isteach a éascú don tsamhail nua tobhach táillí agus mar gheall ar an méadú substaintiúil ar an tobhach a bhí iníoctha cheana féin ag an earnáil don bhliain sin.

11 Ranníocaíochtaí aoisliúntais breise

Soláthar meastacháin €5.899 milliún; réadaithe €6.451 milliún

Bhain barrachas €552,000 i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh go príomha leis an méadú ar chostais tuarastail agus leis an líon foirne a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag coinne leis.

12 Íocaíochtaí breoiteachta na Roinne Coimirce Sóisialaí

Soláthar meastacháin €159,000; réadaithe €1.075 milliún

Tháinig barrachas €916,000 i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh chun cinn go príomha mar gheall ar íocaíochtaí sochair breoiteachta ón Roinn Coimirce Sóisialaí a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis.

13 Fáltais ilghnéitheacha

Soláthar meastacháin €999,000; réadaithe €9.288 milliún

Tháinig barrachas €8.289 milliún i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh chun cinn mar gheall ar fhorchúiteamh a dhéanamh ar chostais a bhaineann le rómhuirir na bliana roimhe sin ar shonraisc maidir le soláthar cóiríochta. Tugadh cuntas i suim €7.271 milliún mar leithreasaí-i-gcabhair sa bhliain 2025. Fuarthas freisin aisíocaíocht cistí neamhúsáidte ó Oifig na nOibreacha Poiblí dar luach €1.256 milliún agus deontais neamhúsáidte eile dar luach €68,000.

4.2 Ioncam an Vóta

Is ionann leithreasaí-i-gcabhair agus suimeanna airgid thirim a fuarthas sa bhliain. Is ionann Ioncam an Vóta agus ioncam a bhaineann le gníomhaíocht na bliana, bunaithe ar phrionsabal an fhabhraithe.

	2025 €000
Ioncam ó idirbhearta nárbh idirbhearta malairte iad	
Deontas ón bPríomh-Chiste	2,753,650
Ranníocaíochtaí aoisliúntais breise	6,662
Fáltais ó Chuntais Dhíomhaoine	6,763
	2,767,075
Ioncam ó idirbhearta malairte	
Táillí i ndáil le clárú inimirce	69,256
Táillí i ndáil le deimhnithe náisiúntachta agus saoránachta	29,502
Táillí i ndáil le víosaí	11,383
Táillí i ndáil leis an Údarás Slándála Príobháidí	4,126
	114,267
Ioncam eile	
Ilghnéitheach	625
Aisghabháil costas	27,063
	27,688
Iomlán an ioncaim	**2,909,030**
Arna léiriú ag	
Iomlán na leithreasaí-i-gcabhair (nóta 4.1)	144,573
Deontas ón bPríomh-Chiste	2,753,650
Méadú ar ioncam fabhraithe	18,041
Méadú ar ioncam iarchurtha	(7,234)
	2,909,030

4.3 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

	2025 €000	2024 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	7	37
Bailithe	—	7
Aistrithe chuig an Státchiste	(7)	(37)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**—**	**7**

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe (coibhéisí lánaimseartha)

ag an 31 Nollaig	2025	2024
Roinn	2,849	2,360
Gníomhaireachtaí	1,648	1,837
	4,497	**4,197**

5.2 Pá [a]

Luach saothair fhoireann na Roinne

	2025 €000	2024 €000
Pá	150,099	103,380
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	366	351
Liúntais eile	5,282	4,917
Ragobair agus tinreamh breise	3,668	3,042
ÁSPC an fhostóra	15,742	10,577
	175,157	**122,267**

Nóta [a] Déantar figiúr an phá iomláin a dháileadh ar fud fho-mhírchinn A.1, A.23, B.1, agus C.1.

Luach saothair foirne gníomhaireachta [a]

	2025 €000	2024 €000
Pá	108,245	111,881
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	145	129
Liúntais eile	2,748	3,213
Ragobair agus tinreamh breise	2,055	2,107
ÁSPC an fhostóra	7,961	8,232
	121,154	**125,562**

Nóta [a] A.3, A.6, A.7, A.10, A.17, A.19, A.21, A.22, A.26, A.27, A.28, A.29, A.30, A.31, B.4, B.6, B.7, B.10, B.11, B.13, B.14 agus B.18.

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2025 €	2024 €
Foireann na Roinne				
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	70	13	26,077	23,456
Ragobair agus tinreamh breise	778	92	53,593	46,850
Liúntais uainoibre agus uainchláir	255	166	27,002	25,702
Liúntais seirbhísí coigríche	13	11	52,724	56,188
Ilghnéitheach	104	10	45,997	49,995
Luach Saothair Breise i níos mó ná catagóir amháin	242	209	65,943	58,809
Foireann Gníomhaireachta				
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	28	6	23,435	25,523
Ragobair agus tinreamh breise	102	10	24,566	18,592
Liúntas uainoibre agus uainchláir	1	0	143	—
Ilghnéitheach	228	51	22,580	16,694
Luach Saothair Breise i níos mó ná catagóir amháin	52	16	28,493	22,147

5.4 Bandaí pá fhostaithe na Roinne

Tá líon na bhfostaithe de chuid na Roinne a raibh a sochair iomlána fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais agus ragobair, gan ÁSPC an fhostóra agus costais phinsin an fhostóra a áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus a tháinig faoi gach banda €10,000 ó €60,000 mar a leanas.

Bandaí pá (€)		Líon fostaithe	
Ó	**Go**	**2025**	**2024**
20,000	59,999	3,121	2,509
60,000	69,999	392	402
70,000	79,999	354	340
80,000	89,999	263	231
90,000	99,999	110	142
100,000	109,999	111	81
110,000	119,999	40	43
120,000	129,999	37	33
130,000	139,999	15	8
140,000	149,999	1	6
150,000	159,999	3	1
160,000	169,999	1	6
170,000	179,999	4	3
180,000	189,999	9	7
190,000	199,999	—	2
200,000	209,999	2	1
210,000	219,999	—	2
220,000	229,999	1	—
230,000	239,999	1	1
240,000	249,999	2	—
250,000	259,999	—	1
260,000	269,999	—	1
270,000	279,999	1	—
280,000	289,999	—	—
290,000	299,999	1	—

5.5 Luach saothair agus sochair inchánach an Oifigigh Cuntasaíochta

	2025	**2024**
	€000	**€000**
Olltuarastal	**245**	**238**

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse ar áireamh san fhigiúr thuas. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina comhalta den scéim aoisliúntais réamh-1995 do státseirbhísigh bhunaithe agus ní théann a teidlíochtaí chun sochair scoir thar théarmaí caighdeánacha na scéime sin.

5.6 Socruithe eile maidir le luach saothair

Íocadh €328,649 san iomlán le 27 státseirbhíseach ar scor a bhí ag fáil pinsean státseirbhíse sa bhliain 2025. Chomh maith leis sin, íocadh €836,604 le 35 iarsheirbhíseach phoiblí agus €36,468 le triúr iarchomhaltaí de na breithiúna a bhí fostaithe i róil éagsúla sa bhliain 2025.

Íocadh €9,632,163 san iomlán trí phárolla le 310 nduine aonair i leith dualgais a comhlíonadh ar bhoird, ar choistí, ar choimisiúin agus ar phainéil éagsúla, etc.

Áirítear leis an gcuntas seo caiteachas €1,149,105 i dtaca le ceithre oifigeach déag a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2025 ar fad nó ar feadh cuid di agus ar íoc an Roinn a dtuarastail.

Ní áirítear leis an gcuntas seo caiteachas i dtaca le ceithre oifigeach déag a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2025 ar fad nó ar feadh cuid di i Ranna/Oifigí eile Rialtais agus nár fhorchúitigh an Roinn a dtuarastail.

5.7 Scaoilíocaíochtaí

Rinneadh trí scaoilíocaíocht dar luach iomlán €45,688 le baill foirne le linn na bliana 2025.

5.8 Ró-íocaíochtaí párolla

ag an 31 Nollaig	**Líon na bhfaighteoirí**	**2025 €**	**2024 €**
Ró-íocaíochtaí	472	925,350	826,917
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm [a]	223	632,216	437,608

Nóta [a] 13 phlean aisghabhála ró-íocaíochta dar luach €34,306 a bhain le 12 dhuine aonair, aistríodh iad chuig ranna eile rialtais sa bhliain 2025.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

	Bliain an cheapacháin	Caiteachas carnach go dtí deireadh na bliana 2025	2025 €000	2024 €000
Coimisiúin bhuana				
An Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla [a]	1974	n/a	288	997
Coimisiúin cuspóra shocraithe				
Binse Morris [b]	2002	68,794	1	3
Suíomh Taisí Íospartach [c]	2007	9,565	365	329
An Sásra Athbhreithnithe Neamhspleách agus cúig fhiosrúchán a bunaíodh sa bhliain 2017 faoi alt 42 d'Acht an Gharda Síochána, 2005 [d]	2014	2,395	—	16
An Binse um Nochtaí Cosanta [e]	2017	27,064	353	1,334
An Coimisiún Neamhspleách um Thuairisciú [f]	2017	234	26	26
Coimisiún Imscrúdúcháin an Oirdheiscirt [g]	2018	4,871	630	727
		112,923	**1,663**	**3,432**

Nóta [a] Bíonn na costais i ndáil leis an mBinse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla ag teacht chun cinn fós toisc go bhfuil obair an Bhinse fós ar siúl, agus faightear líon suntasach iarratas nua faoin Scéim gach bliain. Fuarthas 254 iarratas nua san iomlán sa bhliain 2025.

Baineann an caiteachas a tabhaíodh sa bhliain 2025 go príomha leis na costais oibriúcháin a bhaineann leis an Scéim a riar. Áirítear leo sin táillí atá iníoctha le comhaltaí an Bhinse, costais taistil agus chothaithe, agus na costais a bhaineann le tuarascálacha saineolaithe (amhail tuarascálacha liachta agus achtúireacha) a fháil chun tacú le measúnú a dhéanamh ar éilimh. Tagann costais bhreise chun cinn i ndáil le hoiliúint, le costais dlí a thabhaíonn an Stát agus é ag freagairt d'agóidí dlíthiúla i gcoinne na Scéime, agus le gnáthchostais laethúla riaracháin eile a bhaineann le hoibriú na Scéime.

[b] Bunaíodh Binse Morris sa bhliain 2002, agus d'fhoilsigh sé an tuarascáil deiridh uaidh sa bhliain 2008. B'ionann costas iomlán an Bhinse go dtí seo agus €68.8 milliún. B'ionann an caiteachas a tabhaíodh sa bhliain 2025 agus tuairim is €635 agus bhain sé le mionchostais riaracháin.

Meastar go dtiocfaidh íocaíocht bhreise chun cinn i ndáil le costais dlí tríú páirtí agus meastar go mbeidh sí ar an íocaíocht shuntasach deiridh a bhaineann leis an mBinse.

[c] Tá obair an Choimisiúin Neamhspleách um Shuíomh Taisí Íospartach fós ar siúl, agus tá taisí ceathrar íospartach fós le haimsiú. Is féidir le costais shubstaintiúla teacht chun cinn i ndáil le tochailtí chun taisí a aimsiú i gcás gur féidir láithreáin a shainaithint. Tá gníomhaíocht agus costais ghaolmhara an Choimisiúin ag brath go mór ar an bhfaisnéis atá ar fáil dó maidir leis na híospartaigh a bhfuil sé ag iarraidh a dtaisí a aimsiú. B'ionann an caiteachas sa bhliain 2025 agus thart ar €365,000.

[d] Ag teacht sna sála ar obair an tSásra Athbhreithnithe Neamhspleách, bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt cúig fhiosrúchán faoi alt 42 d'Acht an Gharda Síochána, 2005, sa bhliain 2017 chun cúig imscrúdú ar leith de chuid an Gharda Síochána a fhiosrú. Tá cóiríocht agus tacaíocht riaracháin á gcomhroinnt idir na cúig fhiosrúchán ó bunaíodh iad. Cuireadh dhá cheann de na fiosrúcháin sin i gcrích i mí Aibreáin 2018, cuireadh ceann amháin díobh i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2020, cuireadh ceann amháin díobh i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2021, agus cuireadh an ceann deiridh i gcrích i mí Lúil 2023. Níor tabhaíodh aon chaiteachas sa bhliain 2025.

[e] Bunaíodh an Binse um Nochtaí Cosanta i mí Feabhra 2017, agus bhí an Breitheamh Onórach Peter Charleton, breitheamh den Chúirt Uachtarach, ina chomhalta aonair de. Bunaíodh an Binse tar éis don Bhreitheamh Onórach Iarfhlaith O'Neill athbhreithniú a dhéanamh ar dhá nochtadh chosanta a rinneadh leis an Tánaiste ag an am inar líomhnaíodh go raibh feachtas ar bun ag an leibhéal is airde sa Gharda Síochána chun míchlú a tharraingt ar an Sáirsint Maurice McCabe, an sceithire a líomhain go raibh éagóiritheoireacht ar siúl sa Gharda Síochána.

Leag an Breitheamh Onórach Charleton an tríú tuarascáil eatramhach uaidh faoi bhráid Dháil Éireann i mí Dheireadh Fómhair 2018. Ceapadh an Breitheamh Onórach Seán Ryan ina dhiaidh sin i mí na Nollag 2018 chun fiosrúchán a dhéanamh ar na téarmaí tagartha a bhí fágtha amhail mar a leagtar amach san ionstraim lenar bunaíodh an Binse. Thug an Breitheamh Onórach Ryan an ceathrú tuarascáil eatramhach i gcrích i mí Lúil 2021. Ba i mí an Mhárta agus i mí Aibreáin 2023 faoi seach a foilsíodh an cúigiú tuarascáil eatramhach agus an séú tuarascáil, arbh í an tuarascáil deiridh í, ón mBinse.

Tabhaíodh caiteachas €353,000, nó mar sin, sa bhliain 2025 i ndáil le costais dlí tríú páirtí a bhain leis an mBinse. Táthar ag súil go dtiocfaidh costais bhreise chun cinn chun clabhsúr a chur le nithe a bhaineann leis an mBinse.

[f] Bunaíodh an Coimisiún Neamhspleách um Thuairisciú sa bhliain 2017 faoin gComhaontú um Thús Nua. Is comhlacht trasteorann é atá comhdhéanta de cheathrar comhaltaí. Gabhann an Coimisiún do chomhairliúcháin fhadréimseacha agus tugann sé tuairisc gach bliain ar an dul chun cinn atá á dhéanamh i dTuaisceart Éireann chun cur chun feidhme a dhéanamh ar na tionscnaimh chomhaontaithe a bhfuil sé mar aidhm leo gach cineál paraimíleatachais a chomhrac. Leagadh an t-ochtú tuarascáil ón gCoimisiún Neamhspleách um Thuairisciú faoi bhráid Rialtas na hÉireann agus Rialtas na Ríochta Aontaithe i mí na Nollag 2025. Tabhaíodh caiteachas €26,000, nó mar sin, sa bhliain 2025 i ndáil le costais riaracháin. Táthar ag súil go dtiocfaidh tuilleadh íocaíochtaí chun cinn.

[g] Bunaíodh Coimisiún Imscrúdúcháin an Oirdheiscirt (ar ar tugadh Coimisiún Hickson ar dtús agus ar ar tugadh Coimisiún White ina dhiaidh sin) i mí na Samhna 2018 mar fhreagairt do ghearáin agus do líomhaintí a rinneadh in aghaidh Bill Kenneally maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus nithe gaolmhara. Cuireadh de chúram ar an gCoimisiún a scrúdú cén leibhéal eolais, más ann dó, a bhí ag eagraíochtaí iomchuí agus ag daoine aonair iomchuí ar na cionta a rinneadh.

Bhí an obair ullmhúcháin don Choimisiún níos fairsinge ná mar a bhíothas ag coinne leis ar dtús. Cuireadh tús le héisteachtaí sa bhliain 2019, ach cuireadh ar fionraí iad ina dhiaidh sin go dtí go rachfaí i gcomhairle leis na páirtithe. D'éirigh an Breitheamh Onórach Barry Hickson as a ról sa Choimisiún le héifeacht ón 30 Meitheamh 2021, agus tháinig an Breitheamh Onórach Michael White i gcomharbas air. Tar éis trialacha coiriúla gaolmhara a chríochnú i mí na Bealtaine 2023, chuir an Breitheamh Onórach White an t-eolas is déanaí ar fáil don Aire i mí an Mheithimh 2024, inar leagadh amach an dul chun cinn a rinne an Coimisiún.

Tabhaíodh caiteachas €630,000, nó mar sin, sa bhliain 2025 i ndáil le costais foirne, riarachán agus costais dlí. Táthar ag súil go gcuirfidh an Coimisiún a chuid oibre i gcrích sa bhliain 2026.

6.2 Íocaíochtaí ex-gratia

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia arbh fhiú €42,297 (2024: €76,436) iad i leith na Scéime neamhreachtúla um Chúnamh Dlíthiúil do bhearta de chineál an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla. Tá feidhm ag an scéim sin maidir le daoine ar freagróirí agus/nó cosantóirí iad in aon imeachtaí cúirte a thabharfaidh an Biúró um Shócmhainní Coiriúla, nó a thabharfar ina ainm, lena n-áirítear imeachtaí faoin Acht um Fháltais ó Choireacht, 1996, na *Revenue Acts* agus na hAchtanna Leasa Shóisialaigh agus iarratais a dhéanfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí faoi alt 39 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1994.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia arbh fhiú €779,463 (2024: €1,332,857) iad i leith na Scéime neamhreachtúla um Chomhairle Cúnaimh Dhlíthiúil i Stáisiúin na nGardaí. Foráiltear leis an scéim sin go n-íocfaidh an Stát as comhairliúcháin le haturnaetha i gcás go gcoimeádfar duine i stáisiún na nGardaí chun imscrúdú a dhéanamh ar chion agus go mbeidh teidlíocht dlí aige/aici dul i gcomhairle le haturnae ach nach acmhainn dó/di íoc as sin.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia arbh fhiú €223,407 (2024: €102,902) iad i leith seacht gcás eile a bhain le himeachtaí dlí eile.

6.3 Ciste na dTionscnamh Drugaí

Feidhmíonn an Roinn mar chainéal cistí don Roinn Sláinte maidir le Tascfhórsaí Áitiúla Pobail um Dhrugaí. Fuarthas agus íocadh €350,595 (2024: €371,288) sa bhliain 2025. Is é is cuspóir don tionscnamh sin an Straitéis Náisiúnta Drugaí (2026 go 2029) a chur chun feidhme.

6.4 Costais chúitimh agus dlí

Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Roinn nó an Oifig sa bhliain

	Éilimh ó fhostaithe	A bhain le hinimirce	Éilimh eile	Iomlán 2025	Iomlán 2024
Líon na gcásanna	6	406	46	458	408
	€000	**€000**	**€000**	**€000**	**€000**
Costais dlí na Roinne féin	5	222	670	897	546
Íocaíochtaí a rinne an Roinn/a rinneadh thar a ceann					
Cúiteamh	—	—	170	170	237
Costais dlí	53	14,461	1,940	16,454	11,285
Costais eile	37	2	137	176	42
Iomlán 2025 [b]	**95**	**14,685**	**2,917**	**17,697** [a]	**12,110**
Iomlán 2024	46	10,581	1,483	12,110	

Nóta [a] Is le réimsí Inimirce na Roinne a bhaineann €14.68 milliún (83%) den tsuim iomlán €17.697 milliún. Tabhaíodh na costais dlí eile ar fud roinnt réimsí eile de chuid na Roinne, lenar áiríodh an Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla, Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, an tSeirbhís Chróinéara, agus Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann.

[b] Meastar go raibh 2,106 chás fós amuigh ag an 31 Nollaig 2025. Is é 1,662 chás an figiúr comparáideach don bhliain 2024.

[c] Déantar costais a aisíoc leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát ar shonraisc thréimhsiúla a fháil, agus déantar aon chostais a bhaineann le cásanna a réitíodh gar do dheireadh na bliana roimhe a aisíoc ar shonraisc a fháil sa bhliain airgeadais nua. Níl fáil éasca ann ar mhionsonraí faoi aon chostais a bhí fós le híoc ag deireadh na bliana.

Costais charnacha na gcásanna a cuireadh i gcrích sa bhliain 2025

	Éilimh ó fhostaithe	A bhain le hinimirce	Éilimh eile	Iomlán
Líon na gcásanna	3	406	26	435
	€000	**€000**	**€000**	**€000**
Costais dlí na Roinne féin	8	222	391	621
Íocaíochtaí a rinne an Roinn/a rinneadh thar a ceann				
Cúiteamh	146	—	110	256
Costais dlí	—	14,461	227	14,688
Costais eile	33	2	10	45
Iomlán	**187**	**14,685**	**738**	**15,610**

Nóta [a] De ghnáth, is ag am agus i mbliain na socraíochta a thabhaítear an costas iomlán. Tarlaíonn sé sin go háirithe i gcás cásanna inimirce, a bhíonn freagrach as an gcuid is mó den chaiteachas sa réimse seo.

6.5 Ús i leith íoc pras cuntas

Ba é €43,249 (2024: €22,256) suim an úis a thabhaigh an Roinn i leith íoc pras sa bhliain 2025.

6.6 Maoiniú ón Aontas Eorpach

Áirítear leis an toradh atá léirithe i bhfo-mhírchinn A.11, A.24, C.3 agus C.4 íocaíochtaí i leith gníomhaíochtaí a gcómhaoiníonn Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), Ciste Sóisialta na hEorpa – Lánpháirtíocht agus Fostaíocht Imirceach (Sruth CSE um Lánpháirtíocht agus Fostaíocht Imirceach), agus an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF) iad. Ba mar a leanas a bhí na meastacháin ar chaiteachas agus na torthaí iarbhír.

				2025	2024
			Soláthar meastacháin	Toradh	
		€000	€000	€000	€000
Cur síos ar an bhfo-mhírcheann					
A.11	Idirghabhálacha um cheartas i leith an aosa óig [a]				
	Bunaidh	33,211			
	Forlíontach	4,865			
			38,076	38,093	30,322
A.24	Beart míbhuntáiste shóisialta [a]		7,000	6,721	6,074
C.3	Lánpháirtiú dídeanaithe agus imirceach [b]				
	Bunaidh	9,214			
	Forlíontach	(1,376)			
			7,838	5,088	—
C.4	An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht [c]				
	Bunaidh	6,456			
	Forlíontach	(4,003)			
			2,453	2,322	—
			55,367	**52,224**	**36,396**

Nóta
a Íocadh €32.945 milliún ó fho-mhírcheann A.11 agus íocadh €1.788 milliún ó fho-mhírcheann A.24 chun tionscadail athstiúrtha don óige a gcómhaoiníonn Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) iad a mhaoiniú.

b Caitheadh €1.282 milliún i bhfo-mhírcheann C.3 a gcómhaoiníonn Ciste Sóisialta na hEorpa – Lánpháirtíocht agus Fostaíocht Imirceach (an Sruth um Lánpháirtíocht agus Fostaíocht Imirceach).

c B'ionann agus €2.322 milliún caiteachas AMIF sa bhliain. Nochtar an t-iarmhéid cistí a fuarthas ón Aontas Eorpach ach nár scaoileadh isteach sna cuntais i nóta 2.11.